

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge  
TUAIRISC**

**Meánscoil Ard na Mara,  
Cinn Mhara, Contae na Gaillimhe.  
Uimhir Rolla: 63050T**

**Dáta na cigireachta: 23 Bealtaine 2011**



**AN ROINN | DEPARTMENT  
OIDEACHAIS | OF EDUCATION  
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dáta na cigireachta</b>	23 Bealtaine 2011
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith dhá thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí</li></ul>

**PRÍOMHCHINNTÍ**

- Bhí cur chuigí teagaisc agus foghlama maithe in úsáid do na ceachtanna go léir.
- Tá modhanna mhaithe forbartha don mheasúnú múnlaítheach agus coimreach chomh maith le cleachtais cheartúcháin chórasacha.
- Tá an soláthar don Ghaeilge sa tráthchlár sásúil.
- Bhain teicnící maithe le hobair na roinne maidir le pleanáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Ba cheart taifead a choimeád ar an bpáipéarachas a bhaineann le díolúintí scoláirí ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94.
- Bheadh sé tairbheach na ceithre mhór scil teanga a bheith mar chuid d'eispéireas measúnuithe na bhfoghlaimoírí ón gcéad bhliain go dtí bliain na hardteistiméireachta.
- B'fhiú go mór an cur chuige comhtháite déanta go téamach a bheith mar threoir do na pleananna curaclaim go léir ag teacht le heochair phrionsabail na siollabas Gaeilge.

## RÉAMHRÁ

Is scoil mheasctha í Meánscoil Ard na Mara le 254 scoláirí ar an rolla don scoil bhliain reatha. Tá an Ghaeilge mar cheann de na croí ábhair san Idirbhliain (IB), clár atá éigeantach sa scoil.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí teicnící teagaisc agus foghlama maithe in úsáid le linn gach ceacht a breathnaíodh air i gcaitheamh na cigireachta.
- Bhí an teanga á mhúineadh i mbealach comhtháite de réir téamaí feiliúnacha, bhí cothromaíocht mhaith idir ionchur an mhúinteora agus gníomhaíochtaí na scoláirí, rinneadh naisc fhiúntacha le foghlaim a bhí déanta cheana ag na scoláirí agus chuir an éagsúlacht agus ceisteanna idirdhealaithe le páirtíocht na scoláirí sna ceachtanna de réir a gcumais.
- Chuirfeadh sé go mór le múineadh scileanna teanga nua obair ullmhúcháin a dhéanamh ar an téacs roimh ré. Ní foláir don mhúinteoir is obair bheirte ar bun freastal a dhéanamh ar riachtanais fhoghlama na mbeirteanna agus am ar leith a sholáthar don aiseolas óna beirteanna.
- Bhí cumas riar ranga an-mhaith ag na múinteoirí agus atmaisféar díograiseach comhoibríoch sna ceachtanna go léir.
- Bhain cleachtais mhaithe maidir le húsáid na sprioctheanga le linn na gceachtanna go léir. B'í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar ghnáth theanga cumarsáide i ngach rang. Bhí pointí gramadaí snite isteach le linn ceachtanna. Bhí Gaeilge mhaith ag na scoláirí féin agus cleachtadh acu ar úsáid na Gaeilge le linn ceachtanna. Is fearr mar a éiríonn leis an gcur chuige seo in áit an iomarca úsáide a bhaint as modh an aistriúcháin faoi mar a bhí le feiceáil i roinnt fillteáin agus téacsleabhair de chuid na scoláirí.
- Moltar céatadán, aontaithe ag an roinn, a thabhairt do pháirtíocht na scoláirí sa sprioctheanga i gcaitheamh na ranganna, ar bhonn leanúnaigh agus an marc seo a shonrú sna tuairiscí scoile a sheoltar ag baile.
- Tá córais mhaithe in úsáid don mheasúnú múnlaiteach, scrúduithe míosúla san áireamh. Sa sampla randamach de na dialanna obair bhaile a breathnaíodh orthu, bhí obairbhaile á thabhairt go rialta. Ba mhinic an taifead a bheith á dhéanamh ar an tasc obair bhaile i nGaeilge. Moltar áfach, inniúlacht na scoláirí sna scileanna teanga go léir a fhorbairt sa tasc obair bhaile in ionad an taisc a bheith dírithe ar an scríobh agus ar an bhfoghlaim de ghlan mheabhair.
- Bhí go leor oibre déanta sna fillteáin agus sna cóipleabhair a bailíodh go randamach agus ord forásach ag baint leis an obair seo, mar is cuí. Bhí ceartúcháin mheicniúla mhaithe in obair na scoláirí maraon le samplaí don mheasúnú chun foghlama. Moltar don roinn plé a dhéanamh ar luach foghlama na gceartúchán don fhoghlaimoir agus straitéisí a cheapadh cur lena n-úinéireacht sa phróiseas.

## SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá soláthar sásúil sa chlár ama don Ghaeilge maidir le huimhir agus dáileadh na dtréimhsí ranga agus na socrúithe comhuaineacha. Bheadh sé níos tairbhí ranganna dúbailte a sheachaint sa tsraith shinsearach chun teagmháil laethúil leis an teanga a chinntiú.
- Áirítear sé faoin gcéad de mhóriomlán na scoláirí a bhfuil faomhadh tugtha ag an scoil dóibh maidir le díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94. Ní raibh an páipéarachas a bhaineann leis na díolúintí seo ar fáil sa scoil ag am na cigireachta. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar seo. Is céim chun tosaigh don todhchaí go bhfuil ceist faoi dhíolúine ón nGaeilge mar chuid d'fhoirm iarratais na scoile do scoláirí nua don bhliain seo chugainn.
- Is céimithe le Gaeilge iad na múinteoirí go léir atá ag múineadh na Gaeilge sa scoil agus tá deis ag na múinteoirí go léir múineadh sa dá thimthriall agus ag na leibhéil scrúdaithe difriúla agus sna cláir go léir.
- Tá clár maith oiliúint ghairmiúil leanúnach (OGL) curtha ar fáil ag leibhéal iomláin scoile. Tá sé inmholta go bhfuil suirbhé déanta le déanaí ar riachtanais traenála na foirne maidir le húsáid theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus plean deartha freastal ar na bearnaí aitheanta san iniúchadh seo. Tugtar gach deis do na múinteoirí go léir freastal ar chúrsaí seachtracha de chuid na Seirbhíse Tacaíochta don Dara Leibhéal (STD) don Ghaeilge.
- Tá áiseanna maithe TFC sa scoil agus beidh ríomhaire agus sonra theilgeoir i ngach seomra ó Mheán Fómhair na scoilbliana seo chugainn.
- Tá roinnt mhaith foinsí in úsáid chun teacht ar acmhainní tacúla do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge. Tá leabharlann ar fáil sa scoil agus teacht ar na hacmhainní seo inti.
- Is ar bhonn scoláirí a úsáidtear na seomraí ranga. Cé go bhfuil ábhair ar taispeáint sna seomraí tá scóip forbairt a dhéanamh ar thimpeallacht fhoghlama na seomraí ranga ina múinteoir an Ghaeilge.
- Tá sé le moladh go bhfuil roinnt fógraí Gaeilge le feiceáil timpeall na scoile. Chuirfeadh sé go mór le taithí na scoláirí ar an teanga dá mbeadh níos mó fógraí buana i nGaeilge ar taispeáint i dtimpeallacht na scoile.
- Téann scoláirí iomláin na scoile faoi mheastóireacht choimreach faoi dhó i gcaitheamh na scoil bliana. B'fhiú go mór na ceithre scil teanga a bheith mar chuid d'eispéireas measúnuithe na bhfoghlaimoírí ón gcéad bhliain ar aghaidh.
- Déantar anailís ghinearálta ar na torthaí a ghnóthaíonn na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta. Bheadh sé níos tairbhí go gcuirfeadh an roinn an anailís seo i gcomparáid leis na meán torthaí náisiúnta ar bhonn bliantúil.

## PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá struchtúir foirimiúla sásúla ann do roinn na Gaeilge.
- Tá dul chun cinn maith déanta ag an roinn i bpróiseas na pleanála agus pleananna míosúla do láithriú na siollabas forbartha do gach bliain ghrúpa. Tá an phleanáil déanta an teanga a mhúineadh go comhtháite de réir téamaí i gcuid mhaith de na pleananna ag teacht le

heochar phrionsabail na siollabais. Tá na pleananna leagtha amach de réir topaice, modhanna teagaisc, acmhainní teagaisc agus measúnuithe. Moltar an cur chuige seo do na pleananna go léir.

- Tá obair mhaith déanta sa phlean don Idirbhliain (IB) chun eispéireas teagaisc agus foghlama difriúil a sholáthar i gcaitheamh na bliana sin. Tuairiscíodh go raibh deacracht ag baint le plean míosúil a sholáthar do lucht na hIB. Moltar athfhéachaint a dhéanamh ar seo mar ní ceart go mbeadh an oiread sin tionchar ag imeachtaí fhéilire na hIB ar chlár teagaisc agus foghlama na Gaeilge, ná aon chuid eile den chlár phleanáilte eile ach an oiread
- Moltar plean gnímh a aontú bunaithe ar chomhthosaíochtaí na roinne féin agus mórmholtaí na tuairisce seo. Thabharfadh sé seo creatlach níos cinnte d'fhorbairt straitéiseach na Gaeilge sa scoil.
- Bhain caighdeán maith leis an bpleanáil agus leis an ullmhúchán a bhí déanta do na ranganna go léir. Bheadh sé tairbheach tógáil ar an dea-obair seo trí dhifreáil a dhéanamh sna spriocanna foghlama agus uimhir áirithe torthaí foghlama a roghnú in oiriúint d'achar na gceachtanna.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.